# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 8/2024

## an 2 Feabhra 2024

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1565]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2023/1042 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh foilpéid i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe [1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2023/1049 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh ola éisc, peindémheatailine, saill caoireola agus spiriteitreamat i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe [2], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán (AE) 2023/1068 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh ciantrainileapróil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe [3], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán (AE) 2023/1069 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh bicsifeine, ciopróidínile, feinheacsaimide, feinpiococsaimide, feinpiorocsamáite, flúitiainile, iseacsaflutóil, mandaprópaimide, meatocsaifeinisíde agus spíonatóraim i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe [4], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha agus ábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha agus ábhair bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I agus sa réamhrá ar Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 40 (Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32023 R 1042**: Rialachán (AE) 2023/1042 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2023 (IO L 140, 30.5.2023, lch. 37),

- **32023 R 1049**: Rialachán (AE) 2023/1049 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 (IO L 141, 31.5.2023, lch. 1),

(1) IO L 140, 30.5.2023, lch. 37.
(2) IO L 141, 31.5.2023, lch. 1.
(3) IO L 143, 2.6.2023, lch. 27.
(4) IO L 143, 2.6.2023, lch. 40.

- **32023 R 1068**: Rialachán (AE) 2023/1068 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 (IO L 143, 2.6.2023, lch. 27),
- **32023 R 1069**: Rialachán (AE) 2023/1069 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 (IO L 143, 2.6.2023, lch. 40).'

*Airteagal 2*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 54zzy (Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32023 R 1042**: Rialachán (AE) 2023/1042 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2023 (IO L 140, 30.5.2023, lch. 37),
- **32023 R 1049**: Rialachán (AE) 2023/1049 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 (IO L 141, 31.5.2023, lch. 1),
- **32023 R 1068**: Rialachán (AE) 2023/1068 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 (IO L 143, 2.6.2023, lch. 27),
- **32023 R 1069**: Rialachán (AE) 2023/1069 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 (IO L 143, 2.6.2023, lch. 40).'

*Airteagal 3*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2023/1042, (AE) 2023/1049, (AE) 2023/1068 agus (AE) 2023/1069 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3 Feabhra 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.